

Foirgnimh & Eastáit

Rialacha agus Rialacháin an Chórais Bainistíochta Páirceála

Cheadaigh Údarás na hOllscoile, an 15 Deireadh Fómhair 2004, córas bainistíochta páirceála chun páirceáil a éascú do Chomhaltaí Foirne, do Mhic Léinn agus do chuairoteoirí ar champas na hOllscoile chun go mbeidís in ann páirceáil i gceart ar an gcampas agus an úsáid is éifeachtaí a bhaint as na háiseanna páirceála. Mar chuid den chóras seo bhí sé i gceist ceadúnas páirceála a eisiúint d'fheithicilí na gcomhaltaí foirne a oibríonn ar an bpríomhcampas, ar Oileán an Iarla agus ar Oileán Altanach. D'fhógair an Leas-Uachtarán do Thionscadail Chaipitil leasuithe ar an gcóras an 8 Eanáir 2010 chun na catagóirí seo a shoiléiriú agus chun cur síos a dhéanamh ar 'táille bainistíocht ghluaiseachta' do gach duine a bhfuil ceadúnas páirceála OÉ Gaillimh acu nó a dhéanann iarratas ar a leithéid. Tá liosta rialacha agus rialachán anseo a leanas a bhaineann le gach duine a úsáideann córas páirceála OÉ Gaillimh.

1. Teidlíocht ar Cheadúnas:

1.1 Ní féidir ceadúnais a eisiúint ach dóibh siúd a shonraítear i Sceideal 2.

1.2 Le ceadúnas bailí ceadaithe ag Foirgnimh & Eastáit (tríd an Oifig Páirceála agus Taistil), agus in úsáid de réir na rialacha (thíos), féadfaidh sealbhóir an cheadúnais páirceáil i ngnáthspás páirceála atá marcáilte, de réir a gceadúnas páirceála, ach spás a bheith ar fáil, ar thailte na hOllscoile i rith uaireanta oibre. Ní cheadaíonn an ceadúnas don sealbhóir páirceáil i spásanna a bhíonn in áirithe, spásanna atá inrochtaine ag cách ná i spásanna 'íoc agus taispeáin', ach amháin má bhíonn siad i dteideal é sin a dhéanamh agus an cruthúnas aitheantais cuí nó ticéad bailí 'íoc agus taispeáin' a bhaineann go sonrach leis na spásanna sin a bheith ar taispeáint acu. Níl aon ghá le ceadúnas a bheith ar taispeáint mar go léifidh an córas an uimhir chlárúcháin chun a dheimhniú an bhfuil ceadúnas ag an bhfeithicil nó nach bhfuil.

1.3 Ní fhéadfaidh Comhaltaí Foirne agus/nó Mic Léinn ach cineál amháin ceadúnais a bheith acu.

1.4 Is do chomhaltaí foirne agus do mhic léinn amháin na ceadúnais. Cuirtear ceadúnais ghearrthréimhseacha ar fáil do chonraitheoirí, do thiománaithe faoi mhíchumas etc. Ní fhéadfaidh sealbhóirí ceadúnais ligean do dhuine eile a gceadúnas a úsáid ar an gcampas. Murab é/í an tiománaí an príomhiarratasóir (comhalta foirne nó mac léinn) cuirfear clampa ar a bhfeithicil agus féadfaidh an lucht clampála cruthúnas ar íocaíocht a éileamh sula scaoilfear an clampa (mar aon leis an iarratas ar an táille chúil). Is féidir teidlíocht ar cheadúnas a tharraingt siar freisin. Is cuma más céile/tuismitheoir nó úinéir cláraithe ar an bhfeithicil an tiománaí atá as bealach. Cinnteoidh sé seo gurb é/í an comhalta foirne/mac léinn amháin a úsáideann an ceadúnas seachas aon duine/daoine eile.

1.5 Gearrtar táille de réir Sceideal 1 ar cheadúnais do Chonraitheoirí (& do Sholáthróirí). Ní mhaireann aon cheadúnas níos faide ná mí amháin, do chonraitheoir/soláthróir amháin, in aghaidh an chonartha (i gcás conartha a mhaireann ó bhliain go bliain chaithfí 12 cheadúnas a eisiúint, ceann in aghaidh na míosa, ar chostas €5 an ceann. Caithfear ticéid a athnuachan ina gceann agus ina gceann, ní féidir iad a fháil a fháil in éineacht. Caithfidh conraitheoirí logáil isteach ar <https://permits.apcoa.ie/> nó go mbeidh ceadúnas conraitheora ceadaithe, caithfidh daoine aonair íoc agus taispeáin a úsáid nó slí éigin eile.

1.6 Féadfaidh Foirgnimh & Eastáit (tríd an Oifig Páirceála agus Taistil) ceadúnais shealadacha a eisiúint chun déileáil le cásanna eisceachtúla taobh amuigh den ghnáthchóras páirceála.

2. Spásanna atá Inrochtaine ag Cách agus Cuais Lódála:

2.1 Maidir le tiománaithe a bhíonn ag iarraidh úsáid a bhaint as áiteanna páirceála atá inrochtaine ag cách, ní féidir leo é sin a dhéanamh ach amháin má bhíonn “suaitheantas gorm” bailí agus cláraithe ar taispeánt ar an bhfeithicil acu. Má bhíonn suaitheantas gorm acu, féadfaidh tiománaithe na háiteanna sin a úsáid saor in aisce. Rialaíonn na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre ceadúnais pháirceála a eisiúint do daoine atá faoi mhíchumas in Éirinn. Údaráis Áitiúla, Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann agus Cumann na dTiománaithe faoi Mhíchumas a eisiúint na ceadúnais sin. Dámhtar ceadúnais do gach duine incháilithe faoi mhíchumas, beag beann ar iad a bheith ina dtiománaithe nó gan a bheith, agus bíonn feidhm Náisiúnta leo. Maidir le duine ar bith atá faoi mhíchumas a chuireann bac ar an duine sin siúl nó ar cúis deacrachta dó nó di é agus é nó í ag siúl, bíonn sé nó sí i dteideal ceadúnas a fháil. Maidir le ceadúnais nach mbíonn eisithe ag na gníomhaireachtaí thuas, ní mór don cheadúnas a bhíonn ar taispeánt cloí go hiomlán le treoir (98/376/EC) ón AE, rud a cheadaíonn d’aitheantas a thabhairt dó i mBallstáit eile san AE. Níl aon táille ar pháirceáil i spásanna atá inrochtaine ag cách ach an suaitheantas cuí a bheith ar taispeánt. Ní éilítear ar shealbhóirí na suaitheantas gorm ceadúnas páirceála de chuid OÉ Gaillimh a bheith acu chun páirceáil i spásanna páirceála atá inrochtaine ag cách. Féadfaidh comhaltaí foirne/mic léinn atá faoi mhíchumas sealadach iarratas a dhéanamh ar cheadúnas sealadach míchumais, tá na sonraí ar fáil ag an nasc seo a leanas <http://www.nuigalway.ie/parking/parking-permits-info/disabled-permits/>

2.2 Cuirtear cuais lódála ar fáil chun earraí a lódáil agus a dhílódáil ar mhaithe le hobair na hOllscoile. Agus tiománaí páirceáilte i gcuas lódála, ní mór é a bheith le feiceáil go soiléir ag an rialtóir tráchta gur ag lódáil agus ag dílódáil atá an tiománaí (e.g. doirse ar oscailt, soilse guaise ar siúl, etc. ach gan a bheith i mbaol). Ní leor nóta neamhoifigiúil a leagan ar an bhfeithicil. Ach an lódáil agus an dílódáil a bheith críochnaithe, ní mór don tiománaí spás páirceáilte marcáilte, a oireann dá f(h)eithicil, a aimsiú.

3. Spásanna in Áirithe:

3.1 Tá spás amháin páirceála in áirithe ar chúil na Cearnóige d’Oifig Uachtarán na hOllscoile. Níl aon spás eile curtha in áirithe do dhaoine ar leithligh. Tá áiteanna páirceála in áirithe marcáilte ar fud an champais d’fheithicilí oifigiúla na hOllscoile, i.e. feithicilí a chomhlíonann GACH ceann de na nithe thíos: √ Faoi úinéireacht agus faoi árachas na hOllscoile (trí Fhoirgnimh & Eastáit) √ Lógó, ar mhéid chaighdeánach, na hOllscoile ar an bhfeithicil, faoi réir eisceachtaí atá leagtha amach ag Foirgnimh & Eastáit. Féach an chuid faoi “Cuairteoirí chun na hOllscoile”.

4. Úsáid na gCeadúnas Bailí:

4.1 NÁ FÁGTAR feithicilí ar feadh achar ama níos faide ná 48 uair an chloig ach amháin ar chúiseanna eisceachtúla, a chaitear a shocrú le Foirgnimh & Eastáit. Féadfaidh Foirgnimh & Eastáit socrú a dhéanamh chun feithicilí a fhágtar ar an gcampas ar feadh achar ama níos faide ná 48 uair an chloig a thabhairt chun bealaigh agus éileofar ar úinéir na feithicilí gach costas a bhainfidh le tógáil agus aiséileamh na bhfeithicilí a íoc. Is iad Foirgnimh & Eastáit a roghnaíonn an chuideachta tarraingthe

Foirgnimh & Eastáit

agus d'fhéadfadh an áit a mbeidh d'fheithicil fágtha a bheith taobh amuigh den champas. Ní ghlacfaidh an Ollscoil aon dliteanas i gcásanna den chineál sin, ná aon chostas ná tionchar gaolmhar a bhainfidh leis an bhfeithicil a bhogadh. Mura mbaileofar an fheithicil tar éis ceithre seachtaine, d'fhéadfadh conraitheoir feiliúnach í a scriosadh agus caithfidh an t-úinéir na costais a bhaineann le scriosadh/diúscairt a sheasamh.

4.2 Más mian le sealbhóirí ceadúnais páirceáil i spásanna 'íoc agus taispeáin', ní mór an táille chuí a íoc agus ticéad a bheith ar taispeáint de réir na rialachán agus na dtreoracha ar an ticéad.

4.3 Maidir le haon mhí-úsáid a bhaintear as an gcóras, aistriú míchuí/neamhúdaraithre, baint le clampaí nó le trealamh an chórais, mífhaisnéis nó faisnéis bhréagach a chur ar fáil chun ceadúnas a fháil, aistarraingeofar cearta páirceála agus beidh feidhm leis na gnáthnósanna imeachta araíonachta do Chomhaltáí Foirne/do Mhic Léinn na hOllscoile más cuí.

5. D'Fheithicil a Pháirceáil:

5.1 Ní cheadaítear páirceáil ach sna spásanna páirceála atá marcáilte go hoifigiúil.

5.2 Páirceáil go hiomlán laistigh den spás páirceála gluaisteáin atá marcáilte. Tabhair faoi deara gur féidir feithicil a bhíonn páirceáilte go míchuí a chlampaíl má chuireann siad bac ar fheithicil eile úsáid éifeachtach a bhaint as spásanna. Ná húsáid ach feithicil atá sách beag le dul sna spásanna páirceála. Caithfidh an fheithicil ar fad a bheith sa zón taobh istigh de na línte geala (na scátháin agus aon cheo eile a d'fhéadfadh a bheith ag gobadh amach san áireamh). Má tá feithicil mhór agat nach féidir a pháirceáil taobh istigh de ghnáthspás páirceála, ní fhéadfaidh tú í a úsáid ar an gcampas.

5.3 Ní cheadaítear páirceáil ach sna spásanna páirceála atá marcáilte – ná páirceáil aon áit eile. Sa chás nach ann do spásanna a bhíonn marcáilte go soiléir, ní cheadaítear aon pháirceáil. Is é an t-aon eisceacht ar an riail sin ná an carrchlós sealadach gairbhéil do mhic léinn trasna ón Ionad Spóirt, atá roinnte ina bhánna páirceála le bacainní. Ní mór páirceáil i gceart sa charrchlós seo agus is iad an lucht clampála agus Foirgnimh & Eastáit a chinnfidh ord a bheith ar an bpáirceáil nó gan a bheith. Ní cheadaítear páirceáil in aice le délínte buí ná orthu (ná 'taobh thiar' dóibh).

5.4 Páirceálann úinéirí feithicle ar an gcampas ar a bpriacal féin. Ní ghlacfaidh an Ollscoil ná a seirbhísigh aon dliteanas as damáiste nó dochar a dhéantar.

5.5 Baineann méideanna éagsúla le spásanna éagsúla ar an gcampas. Sa chás gur mó d'fheithicil ná an spás páirceála, ba chóir duit spás eile páirceála a lorg áit éigin eile. Ní leor a rá go raibh carr eile in aice leat páirceáilte mícheart.

5.6 Bíonn feidhm ag gnáthrialacha an bhóthair ar thailte na hOllscoile agus má sháraíonn tú iad (e.g. dul isteach trí bhealach amach amháin) d'fhéadfaí do cheadúnas a aistarraingt.

6. Sáruithe, Pionóis agus Achomhairc:

6.1 Má sháraítear aon rialacha, rialacháin nó coinníollacha páirceála a bheidh ar taispeáint ar an láithreán, d'fhéadfaí clampa a chur ar roth na feithicle nó ceadúnas a aistarraingt.

6.2 Má chuirtear clampa ar an bhfeithicil, bíonn táille chaighdeánach le híoc chun é a bhaint. Beidh an táille le híoc má bhaintear an clampa nó mura mbaintear. Íocfaidh úinéir na feithicle í seo go hiondúil le APCOA Parking Ireland, agus ina dhiaidh sin déanfar socrú chun an fheiste dhoghluasteachta a bhaint. Má iarrann tú ar an ngníomhaire clampála an clampa a bhaint i ndiaidh

Foirgnimh & Eastáit

6pm, beidh fortháille i gceist sa bhreis ar an ngnáth-tháille chun clampa a bhaint. Féach Sceideal 1 i gcomhair na dtáillí a mbeidh feidhm leo.

6.3 Féadfar táillí a bhaineann le clampa a scaoileadh a íoc le hairgead tirim, le seic nó le cárta creidmheasa/léasair/muirir. Beidh feiste dialúcháin láimhe ag an oifigeach scaoilte clampa chun íocaíochtaí cárta a phróiseáil.

6.4 Ná bain leis an gclampa a bhíonn ar roth na feithicle, ná leis an roth ar a mbíonn sé greamaithe. Féadfaidh an gníomhaire clampála aon damáiste a dhéantar don chlampa a bhíonn ar roth na feithicle a éileamh ort agus beidh gach táille fós le híoc.

6.5 Déanfaidh an maor páirceála taifeadadh ar an sárú agus ar an bpróiseas clampála agus úsáid á baint as grianghraif dhátaithe dhigiteacha.

6.6 Féadfaidh tú achomharc a dhéanamh ar chlampa a bheith curtha ar d'fheithicil, i scríbhinn, chuig "An Grúpa d'Achomhairc ar Bhainistíocht Páirceála", f/ch an Oifig Páirceála & Taistil, Seomra 103A, Áras Dán na Mílaoise, OÉ Gaillimh. Úsáid an fhoirm atá ar fáil ón láithreán gréasáin www.nuigalway.ie/parking/parking-permits-info/clamping-appeals agus cuir coinníollacha agus nótaí ar an bhfoirm chlampála in iúl.

6.7 NÍ MÓR d'iarratasóirí cóip den admháil a eisíonn an gníomhaire clampála agus uimhir chlárúcháin na feithicle a chur leis an achomharc.

6.8 CAITHFIDH achomhairc a bheith faighte ag an Oifig Páirceála & Taistil, Seomra 103A, Áras Dán na Mílaoise, OÉ Gaillimh taobh istigh de dhá mhí ón bhfógra ar bhriseadh rialacha nó ón gclampáil.

6.9 Féadfaidh an Ollscoil fearas leictreonach a úsáid chun ceadúnais pháirceáil a scanadh agus a dheimhniú. Nuair a ghlacann tú le ceadúnas páirceála, meastar go ndeimhníonn tú go mbeidh uimhir chlárúcháin, déanamh, múnla an chairr agus tréimhse an cheadúnais coinnithe ar fhearas a bheas an t-oifigeach forfheidhmithe tráchta in ann a scrúdú. Ní bheidh d'ainm ná sonraí foirne/mic léinn ar fáil sa phróiseas seo agus ní chuirfidh sé seo isteach ar do chearta reachtúla.

7. Rialacháin Eile:

7.1 Déan de réir threoracha na maor páirceála, lucht slándála na hOllscoile agus aon phearsanra eile atá údaraithe ag an Stiúrthóir Acmhainní Fisiciúla.

Tá sé de cheart ag Foirgnimh & Eastáit na Rialacha agus Rialacháin Pháirceála a athrú de réir mar is gá.

7.3 Níl cead veain champála ná feithiclí eile cónaithe (sealadach nó buan) a úsáid. Níor chóir feithiclí a fhágáil thar oíche, ach amháin mar shocrú aon uaire 48 uair an chloig.

7.4 Má fhaigheann Foirgnimh & Eastáit amach go mbíonn d'fheithicil páirceáilte ar an gcampas ar feadh tréimhsí fada ach gan tú á húsáid, cuirfear clampa uirthi. e.g., má úsáideann tú carrchlóis an champais achar fada i rith an lae chun d'fheithicil a stóráil go fadtréimhseach.

8. Cuairteoirí chun na hOllscoile:

8.1 Féadfaidh cuairteoirí, aoiléachtóirí agus a leithéid úsáid a bhaint as na spásanna rialaithe páirceála 'íoc agus taispeáin' do chuairoteoirí. Tá comharthaíocht in airde.

Foirgnimh & Eastáit

8.2 Ba chóir cuairt VIPanna a shocrú roimh ré leis an (Oifig Páirceála agus Taistil). Má cheadaítear é, cuirfidh an oifig áiseanna páirceála feiliúnacha in áirithe don VIP agus dá c(h)omrádaithe más cuí, nó molfar an carrchlós nua do chuairoteoirí a úsáid.

10. Fíorú agus Faisnéis:

10.1 Tabhair faoi deara go bhféadfadh fíorú cóipeanna a bheith ag teastáil agus go rialaíonn na hAchtanna um Chosaint Sonraí agus um Shaoráil Faisnéise gach faisnéis phearsanta a choinnítear ar ríomhaire agus/nó i bhfoirm cruachóipe faoi seach.

10.2 Féadfaidh an Ollscoil léirmhíniú a bhaint as rialacha agus rialacháin eile agus iad a chur i bhfeidhm de réir mar is cuí léi.

10.3 Baineann na rialacha agus na rialacháin (thuas) le gach sealbhóir ceadúnais agus le gach mionsonra a léirítear.

Foirgnimh & Eastáit, OÉ Gaillimh, Meán Fómhair 2016